Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2021
(OR. en)

9689/21

Comhad Idirinstitiúideach:
2014/0008(NLE)

AVIATION 157
RELEX 540
OC 30
NIS 18

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra leasaithe le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe um Chomhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile<br>– Glacadh |

1. Is toradh é an dréachtchomhaontú thuas ar an gcaibidlíocht a rinne an Coimisiún ar bhonn an údaraithe a thug an Chomhairle don Choimisiún i mí na Nollag 2006 chun tús a chur le caibidlíocht leis an Úcráin d'fhonn Comhaontú maidir le Comhlimistéar Eitlíochta a thabhairt i gcrích. Cuireadh inisealacha leis an dréachtchomhaontú an 28 Samhain 2013.

2. An 15 Aibreán 2014, chuir an Coimisiún a thograí faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an dréachtchomhaontaithe thuasluaite agus maidir le Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin (8290/14 agus 6587/14 faoi seach).

3. Tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus tar éis dheireadh na hidirthréimhse, rinneadh oiriúnuithe ar an dréachtchomhaontú a chaibidil leis an Úcráin. Eadhon, baineadh na tagairtí don Ríocht Aontaithe mar shínitheoir an dréachtchomhaontaithe agus na tagairtí do Ghiobráltar sa sainmhíniú ar 'chríoch'.

4. Dá bhrí sin, an 8 Aibreán 2021, chuir an Coimisiún tograí leasaithe faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an dréachtchomhaontaithe thuasluaite agus le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin (7668/21 agus 7667/21 faoi seach).

5. Scrúdaigh comhaltaí na Meithle um Eitlíocht an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach le linn físchomhdhálacha neamhfhoirmiúla an 15 Aibreán agus an 29 Aibreán 2021. Thairis sin, chuathas i gcomhairle leis na toscaireachtaí trí chomhairliúchán i scríbhinn an 20 Bealtaine 2021.

6. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar leibhéal na meithle, rinne seirbhísí dlítheangeolaíocha na Comhairle athbhreithniú ar théacs an dréachtchinnidh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach agus ar théacs an dréachtchomhaontaithe.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh ar an dréachtchinneadh ón gComhairle mar a leagtar amach in J/L 8462/21 é agus ar théacs an dréacht-Chomhaontaithe mar a leagtar amach in J/L 7746/21 é, agus a mholadh don Chomhairle, i gcuid 'A' de chlár oibre cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an Cinneadh sin a ghlacadh, ionas go bhféadfar an Comhaontú a shíniú.

8. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus déanfar an Cinneadh a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.

9. Sa chomhthéacs sin, tugtar ar aird go dtacaíonn na Ballstáit, ina gcáil mar Pháirtithe sa Chomhaontú sin in éineacht leis an Aontas, le síniú an dréachtchomhaontaithe agus lena chur i bhfeidhm sealadach.